# Comhar Naíonraí na Gaeltachta

# Plean Straitéiseach



2023 - 2026

# An Clár


1.0 Brollach

2.0 Forbhreathnú Feidhmeannais

3.0 Ráiteas Misin, Fís & Luachanna

4.0 Spriocanna Straitéiseacha

5.0 Cuspóirí Straitéiseacha

6.0 Feidhmiú & Monatóireacht




Comhar Naíonraí
na Gaeltachta

# An bronntanas is luachmhaire a d'fhéadfá a thabhairt do pháiste ná …



## … an Ghaeilge

# 1 Brollach

Tá plean straitéiseach aontaithe ag Bord Chomhar Naíonraí na Gaeltachta le haghaidh na hEagraíochta don tréimhse 3 bliana ó 2023 go dtí 2026. Tosaíodh ag obair ar an bplean i ndeireadh 2022 agus tá dearcthaí ár bpríomhpháirtithe leasmhara corpraithe ann. Tá ríméad orainn an plean uaillmhianacha seo a chur i láthair ag léiriú na spriocanna comhroinnte go gcuirfí fáil ar sheirbhísí inacmhainne, ardchaighdeáin agus inbhuanaithe Luathfhoghlama agus Cúraim mar aon le Cúram Leanaí ar Aois Scoile do gach leanbh sa nGaeltacht trí mheán na Gaeilge.

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG)  an Soláthraí Seirbhíse Luathbhlianta atá aitheanta go náisiúnta ar fud Ghaeltacht na hÉireann. Tá breis agus 120 seirbhís luathbhlianta á gcur ar fáil ag CNNG ar fud réigiúin na Gaeltachta agus oifigí lonnaithe i nGaillimh, Dún na nGall, Maigh Eo agus Corcaigh. Cuireann CNNG seirbhísí riaracháin, tacaíochta agus oiliúna ar fáil do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige ina n-áirítear Naíonraí, iar-Naíonraí, creiseanna, clubanna bricfeasta, seirbhísí iomlána cúraim lae agus iarscoileanna sna ceantair Ghaeltachta go léir.

Tugann ár bplean léiriú ar an acmhainn inspioráideach atá ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta, díríonn sé ar an bhfís an-láidir atá againn go mbeadh na leanaí ag Croí-lár ár n-obair. Tugann sé léiriú freisin ar an gcumas cruthaithe atá againn dul in oiriúint agus treoraíocht a thabhairt i dtimpeallacht shóisialta, pholaitiúil agus gheilleagrach atá ag athrú go leanúnach. Tabharfaidh an plean treoir dár seirbhísí, beidh muid éifeachtach agus éifeachtúil inár n-obair agus lenár n-acmhainní, agus leas na leanaí mar chéad chuspóir agus mar phríomhchuspóir againn i gcónaí. Prionsabal lárnach sainiúil atá ansin dár n-obair go léir agus dár ngníomhaíochtaí go léir.

Is mian linn buíochas a ghlacadh leis na daoine ar fad a ghlac páirt sa bpróiseas comhairliúcháin as ucht a n-ionchur. Tá muid ag tnúth go bhfeicfidh muid buntáiste na straitéise seo sna blianta atá amach romhainn.

**Seán Ó Leidhinn,**
Cathaoirleach

**Ray Mac Pháidín,**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

# 2 Forbhreathnú Feidhmeannais

Thug an Bord agus an Fhoireann Bainistíochta faoi ullmhú an Phlean Straitéisigh seo trí shraith ceardlanna agus rannpháirtíochtaí leis na páirtithe leasmhara.

Chun pleanáil do na trí bliana atá amach romhainn, teastaíonn leanúnachas i gcuid mhór gnéithe den obair atá idir lámha faoi láthair ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta ach réamh-mheastar freisin go dtiocfaidh athrú ar rudaí i gcomhréir le forbairtí reachtúla.

Léiríonn an plean seo, atá uaillmhianach ach indéanta, ár dtiomantas a chinntiú go dtabharfaidh ár seirbhís spreagadh don fhorbairt uilíoch ar gach leanbh sa tseirbhís trí mheán na Gaeilge. Tá anailís fhorleathan mar bhuntaca eolais don chur chuige a glacadh i bpleanáil ár straitéise do na 3 bliana seo romhainn. Áirithe ansin bhí measúnú ar na gnéithe a bhfuil tionchar acu faoi láthair, agus ar dócha go mbeidh tionchar acu amach anseo, ar obair Chomhar Naíonraí na Gaeltachta mar sholáthraí seirbhíse. Fuarthas eolas dó freisin ó dhearcthaí ár bpáirtithe leasmhara agus ó SWOT, PESTLE agus na hanailísí Riosca a reáchtáladh mar pháirt dá fhorbairt.

I gCuid 2 den Phlean seo, imlínítear an comhthéacs agus an rialachas earnálach ina n-oibríonn Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus cuid dá bhreithniúcháin phríomha. I gCuid 3, leagann muid amach misean, fís agus luachanna, agus tugann sé sin muid go dtí ár ráiteas Spriocanna Straitéiseacha i gCuid 4. Tá tacaíocht á thabhairt do na Spriocanna ag beart de Chuspóirí Straitéiseacha atá sainithe le chéile mar aon lena dtorthaí sprioctha i gCuid 5.

Cuireann an doiciméad seo creat ar fáil le haghaidh Pleanálaí Tascanna níos sonraí agus beidh sé sin mar bhunchloch don phleanáil feidhmíochta eagraíochtúla agus aonair thar shaolré an Phlean. Beidh tacaíocht ar fáin don fheidhmiú ón bPlean Gnó bliantúil agus ó athbhreithniú rialta ag leibhéil Bhainistíochta agus Bhoird.

Ghlac an Bord leis an bPlean ina fhoirm dheiridh ag cruinniú an Bhoird ar an 6ú Nollaig 2022.

**Seán Ó Leidhinn,**
Cathaoirleach

**Ray Mac Pháidín,**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## 2.1 Stair

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta an Soláthraí Seirbhíse Luathbhlianta atá aitheanta go náisiúnta ar fud na Gaeltachta. Tá breis agus 120 seirbhís á gcur ar fáil ag CNNG agus tá oifigí lonnaithe sna ceantair Ghaeltachta ar fad. Cuireann CNNG seirbhísí riaracháin, tacaíochta agus oiliúna ar fáil do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige ina n-áirítear Naíonraí, iar-Naíonraí, creiseanna, seirbhísí iomlána cúraim lae, clubanna bricfeasta agus iarscoileanna i gceantair na Gaeltachta.  Tá ardoifig na hEagraíochta lonnaithe ar an gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe agus tá Oifigigh Forbartha ag obair ag an Eagraíocht sna ceantair Ghaeltachta eile ar fad. Tá méadú suntasach tagtha ar an Eagraíocht ó bunaíodh í in 2004. In 2004, bhí 57 Naíonra á reáchtáil agus bhí beagán os cionn 100 ball foirne fostaithe ag an Eagraíocht. Faoi láthair, tá 120 seirbhís luathbhlianta á reáchtáil againn agus breis agus 200 ball foirne fostaithe.

## 2.2 Aidhm & Rialachas

Forbraíodh an Plean Straitéiseach tar éis paindéime domhanda, paindéim a bhfuil gach gné den saol curtha bunoscionn aici, an t-oideachas san áireamh. Tá cuid mhór scríofa agus pléite faoi na príomhnithe atá foghlamtha ó COVID-19. Teachtaireacht lárnach amháin atá curtha i gcuimhne ag an bpaindéim, go láidir agus go díreach, is ea an tábhacht lárnach atá le timpeallachtaí luath-óige i saol na leanaí agus an ról lárnach atá acu in oideachas agus i bhforbairt uilíoch an duine óig.

Tá inspioráid faighte ag an bplean straitéiseach seo ó shamplaí de chleachtas den scoth atá comhroinnte ag an earnáil tríd an tiomantas agus an acmhainn atá beo sna timpeallachtaí sin mar aon leis an eolas go ndéanann obair ár bhfoireann difríocht shuntasach do shaol na leanaí agus a dteaghlaigh.



## 2.3 Cúinsí Lárnach don Eagraíocht do na 3 Bliana seo romhain:

| Toradh Inmhianaithe / Sprioctha |
|---|
| ☞ Meastar go mbeidh méadú suntasach i gceist thar na 3 bliana seo romhainn; |
| ☞ Caithfidh muid na Seirbhísí Luathbhlianta go léir a mheas, lena n-áirítear Réamhscoil, Club Bricfeasta, Iarscoil, Seirbhísí Iomlána Cúraim Lae; |
| ☞ Ní mór dúinn pleanáil a dhéanamh d'éabhlóid agus d'fhorbairt sna moil ina bhfuil muid ag obair; |
| ☞ Tá dúshlán ag baint faoi láthair le múinteoirí cáilithe a fháil a bhfuil líofacht Gaeilge acu agus cáilíochtaí i gcúram leanaí; |
| ☞ Tá tíreolaíocht dhúshlánach againn maidir leis na réigiúin ina bhfuil muid ag feidhmiú; |
| ☞ Caithfidh muid freastal ar ár n-oibleagáidí dár maoinitheoirí; |
| ☞ Caithfidh muid a chinntiú go bhfuil sé de chumas ag an eagraíocht ina hiomláine (Bord agus foireann) an straitéis seo a chur ar fáil. |



# 3 Ráiteas Misin, Fís agus Luachanna

## Ár Ráiteas Misin

*"Is é an misean atá againn ná seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil do leanaí le forbairt go iomlánaíoch trí mheán na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta."*

## Ár mBunluachanna

1. **Sábháilteacht Leanaí**

   "Sábháilteacht leanaí atá mar chroílár i ngach rud a dhéanann muid."

2. **Iontaoibh**

   "Is mór againn iontaoibh na dteaghlach Gaeltachta, na bpobal agus ár bhfostaithe trína bheith inrochtana, follasach, agus ag feidhmiú le hionracas, freagracht agus caighdeáin ardcháilíochta."

3. **An Teanga**

   "Tá muid paiseanta, tiomnaithe agus spreagtha faoin ár gcultúr agus ár n-oidhreacht a chur chun cinn agus a chaomhnú trí mheán na Gaeilge"

4. **Gairmiúlacht**

   "Tá muid gairmiúil i ngach gné dár n-obair."

5. **Uileghabhálacht**

   "Tá meas againn ar gach duine ar leith as a gcuid uathúlachta agus cuidíonn siad linn a bheith mar atá muid"

## Ár Ráiteas Físe

*"Tá sé mar fhís againn forbairt iomlán an linbh a dhéanamh trí mheán na Gaeilge."*



# 4 Spriocanna Straitéiseacha

Chun cuidiú linn ár spriocanna a bhaint amach, tá sé sprioc lárnacha aitheanta ag CNNG atá ina dtiománaithe príomha don Bhord agus don fhoireann thar shaolré an phlean seo. Tá na spriocann seo buntacaithe ag sraith de chuspóirí agus de ghníomhaíochtaí atá deartha chun tacú le CNNG a straitéis a chur ar fáil.

**Sprioc 1** Réimse leathan de sheirbhísí ardchaighdeáin, sábháilte agus ionchuimsitheacha a chur ar fáil san earnáil luathbhlianta sna ceantair Ghaeltachta go léir.

**Sprioc 2** Úsáid na Gaeilge, na hoidhreachta agus an chultúir a chur chun cinn, a neartú agus a shaibhriú trí oideachas agus cúram luathbhlianta a chur ar fáil.

**Sprioc 3** *"A bheith comhlíontach go hiomlán leis na riachtanais reachtúla agus rialála go léir maidir lenar ról mar sholáthraí agus mar fhostóir oideachais agus cúraim luathbhlianta, agus mar charthanas:"*

**Sprioc 4** *"Struchtúr cuí eagraíochtúil agus rialachais a bheith againn a bheidh ailínithe leis an gcleachtas is fearr agus a bheidh inoiriúnaithe chun cloí le héilimh a bheidh ag athrú:"*

**Sprioc 5** Fostaithe ardsciliúla a mhealladh agus a choinneáil.

**Sprioc 6** *"Saoráidí ardchaighdeáin a bheith ar fáil do na leanaí agus do na seirbhísí go léir:"*

*Figiúr 1.0 - Spriocanna Straitéiseacha **CNNG***

# 5 Cuspóirí Straitéiseacha

Tá seit de chuspóirí agus de ghníomhaíochtaí straitéiseacha sainithe ag CNNG chun tacú le seachadadh ár spriocanna thar na 3 bliana seo romhainn. Sannfaidh muid na hacmhainní is gá chun na spriocanna sin a thiomáint, chun cuidiú linn na torthaí sprioctha atá leagtha síos againn don Eagraíocht taobh istigh den phlean seo a bhaint amach.

**Sprioc 1** Réimse leathan de sheirbhísí ardchaighdeáin, sábháilte agus ionchuimsitheacha a chur ar fáil san earnáil luathbhlianta sna ceantair Ghaeltachta go léir.

| Sprioc Straitéiseach | | Toradh Inmhianaithe / Sprioctha |
|---|---|---|
| 1.1 | Na caighdeáin náisiúnta atá ag Síolta agus Curaclam Aistear a chur i bhfeidhm agus an polasaí Oideachais Ghaeltachta a chur i bhfeidhm. | ☞ Cloí go hiomlán le caighdeáin agus polasaithe na ngníomhaireachtaí ábhartha go léir. |
| 1.2 | Ár seirbhísí reatha a phleanáil agus a oiriúnú chun coinneáil leis na héilimh atá ag athrú. | ☞ Cinntiú go bhfuil ár seirbhísí suas go dáta i gcónaí chun freastal ar éilimh na hearnála.<br>☞ Leanacht de bheith ag fáil rátaí arda sástachta ó úsáideoirí ár seirbhísí. |
| 1.3 | Úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun ár seirbhísí a nuachóiriú agus a fheabhsú agus chun próisis a shimpliú – láithreacht dhigiteach. | ☞ Cinntiú go mbeidh láithreacht dhigiteach ag CNNG a bheidh láidir agus gníomhach.<br>☞ Cinntiú go gcuirfidh CNNG seirbhísí le cuidiú teicneolaíochta ar fáil don earnáil. |

**Sprioc 2** Úsáid na Gaeilge, na hoidhreachta agus an chultúir a chur chun cinn, a neartú agus a shaibhriú trí oideachas agus cúram luathbhlianta a chur ar fáil.

| Sprioc Straitéiseach | Toradh Inmhianaithe / Sprioctha |
|---|---|
| 2.1 Acmhainní nua a fháil agus a fhorbairt d'fhorbairt teanga do na leanaí. | ☞ Cinntiú go bhfuil CNNG ar an eolas go hiomlán faoi na forbairtí atá san earnáil chéanna i ndlínsí eile.<br>☞ Eolas agus acmhainní a bheith á roinnt le heagraíochtaí den chineál céanna i ndlínsí eile.<br>☞ Plean teanga a fhorfheidhmiú go hiomlán mar aon le acmhainní nua a bheith i bhfearas agus ag oibriú go héifeachtach. |
| 2.2 Gréasáin agus tionscadail a fhorbairt i gcomhar le soláthraithe eile tacaíochta & cúraim leanaí chun acmhainní a fhorbairt. | ☞ Comhpháirtíochtaí agus gaolmhaireachtaí éifeachtacha oibre a chinntiú le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí earnála eile. |
| 2.3 Idirghníomhaíocht leitheadach pobail a spreagadh – tionscadail idirghlúine – an teanga agus an cultúr a cheiliúradh. | ☞ Cinntiú go bhfuil CNNG agus a fhoireann measta mar bhaill lárnacha den phobal i ngach ceantar Gaeltachta.<br>☞ Leanaí a bheith páirteach sa teanga agus sa gcultúr. |
| 2.4 Tuilleadh tacaíochta a thabhairt do sheirbhísí Béarla atá lonnaithe sa nGaeltacht chun cur chuige hibrideach a fhorbairt i dtaca lena seirbhísí. | ☞ Cinntiú go bhfuil samhlacha tacaíochta cuí agus éifeachtacha i bhfearas.<br>☞ Cinntiú go gcloífidh CNNG leis na haidhmeanna agus na spriocanna a bheidh leagtha síos ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.<br>☞ Nascálacha leis an bPróiseas Pleanála Teanga a neartú ar fud na gceantar Gaeltachta. |

**Sprioc 3**

*"A bheith comhlíontach go hiomlán leis na riachtanais reachtúla agus rialála go léir maidir lenar ról mar sholáthraí agus mar fhostóir oideachais agus cúraim luathbhlianta, agus mar charthanas:"*

| Sprioc Straitéiseach | Toradh Inmhianaithe / Sprioctha |
|---|---|
| 3.1 Ailíniú le Cód na gCarthanas agus a bheith comhlíontach go hiomlán leis an Rialtóir Carthanas. | ☞ CNNG a bheith comhlíontacht go hiomlán leis an gCód Carthanas.<br>☞ Iontaobhaithe agus CNNG a bheith comhlíontacht go hiomlán leis na rialacháin charthanais go léir. |
| 3.2 Daingniú a dhéanamh ar an maoiniú iomlán is gá chun an straitéis seo agus ár dtiomantas a chur ar fáil don earnáil luathbhlianta. | ☞ Cinntiú go mbeidh an maoiniú a gheobhaidh muid ag ailíniú lenar dtiomantas faoin bplean straitéiseach agus leis na pleananna gnó / airgeadais bliantúla. |
| 3.3 Cloí leis na riachtanais rialála go léir agus dul in oiriúint do rialacháin nua de réir mar a thagann siad chun cinn. | ☞ Cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na rialacháin go léir ó na húdaráis rialála go léir.<br>☞ Cinntiú go bhfuil muid comhlíontacht go hiomlán leis na hoibleagáidí a bhaineann le gach scéim SLA agus deontais. |
| 3.4 Rialacháin a bheith ina ról mar eagraíocht – na huirlisí agus an oiliúint cheart a bheith againn. | ☞ Ról tiomnaithe comhlíontachta atá ag oibriú go héifeachtach.<br>☞ Gach ball foirne a bheith ar an eolas go hiomlán faoi na riachtanais rialála.<br>☞ Monatóireacht leanúnach ar chomhlíontacht. |

**Sprioc 4**

*"Struchtúr cuí eagraíochtúil agus rialachais a bheith againn a bheidh ailínithe leis an gcleachtas is fearr agus a bheidh inoiriúnaithe chun cloí le héilimh a bheidh ag athrú:"*

| Sprioc Straitéiseach | Toradh Inmhianaithe / Sprioctha |
|---|---|
| 4.1 Feabhsú agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chleachtais agus ar phróisis láidre a chuireann struchtúr láidir rialachais chun cinn. | Creat cuí rialachais a bheith i bhfearas agus in úsáid agus é a bheith ailínithe le prionsabail an Chóid Chleachtais agus an rialachais don chleachtas is fearr. |
| 4.2 Struchtúr na heagraíochta a bheith solúbtha agus in ann an Straitéis a sheachadadh. | An Eagraíocht a bheith struchtúrtha go cuí agus inoiriúnaithe chun seachadadh na straitéise a chumasú thar na 3 bliana seo romhainn. |
| 4.3 Creat cuí bainistíochta riosca a fhorbairt agus glacadh leis. | Creat oiriúnach bainistíochta riosca a bheith i bhfearas agus in úsáid.<br>Tuiscint a bheith ag gach duine taobh istigh de CNNG ar a ról i dtaca le riosca. |
| 4.4 Comhdheiseanna d'ardú céime agus do dhul chun cinn a chumhachtú, a thabhairt isteach, a fhorbairt agus a thairiscint. | Gach oibrí agus úsáideoir seirbhísí taobh istigh de CNNG a bheith ag aireachtáil go bhfuiltear ag caitheamh go cóir leo, go bhfuil comhdheiseanna acu agus go bhfuiltear ag déanamh caidrimh rialta leo ar bhealach oscailte.<br>Fórsa saothair a bheidh ardsciliúil mar is cuí. |
| 4.5 Ár gcórais agus ár n-acmhainní IT a fhorbairt chun freastal ar na héilimh atá ag teacht chun cinn san earnáil. | Infreastruchtúr cuí IT a bheith i bhfearas agus in úsáid.<br>An fhoireann a bheith inniúil ar an teicneolaíocht. |
| 4.6 Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na straitéise. | Go bhfuil spriocanna agus cuspóirí an phlean straitéisigh á mbaint amach. |

**Sprioc 5** Fostaithe ardsciliúla a mhealladh agus a choinneáil.

| Sprioc Straitéiseach | Toradh Inmhianaithe / Spriocdtha |
|---|---|
| 5.1 Na hiarrachtaí margaíochta a fheabhsú agus na scálaí tuarastail a ailíniú le taithí agus leis na cáilíochtaí oideachasúla. | Tá plean margaíochta agus earcaíochta forbartha, tá sé i bhfearas agus ag oibriú go héifeachtach.<br>Painéal ionadaíochta de chleachtóirí luathbhlianta a bhunú i ngach ceantar Gaeltachta. |
| 5.2 Rátaí pá iomaíocha a thagarmharcáil agus a thairiscint. | Cinntiú go mbeidh CNNG ag tairiscint rátaí pá atá an-iomaíoch i gcomhréir leis an margadh. |
| 5.3 Éagsúlacht inscne a spreagadh. | Polasaí cuí éagsúlachta a bheith i bhfearas agus in úsáid. |

**Sprioc 6** *"Saoráidí ardchaighdeáin a bheith ar fáil do na leanaí agus do na seirbhísí go léir:"*

| Sprioc Straitéiseach | Toradh Inmhianaithe / Spriocdtha |
|---|---|
| 6.1 Réimse leathan de sheirbhísí oideachais luathbhlianta agus cúraim a bhunú agus a chur ar fáil chomh maith le cúram leanaí ar aois scoile. | Cinntiú go mbainfidh an soláthar seirbhísí an úsáid is fearr as ár saoráidí agus go bhfreastalóidh sé ar éilimh athraitheacha na dtuismitheoirí. |
| 6.2 Éabhlóid agus forbairt sna saoráidí ina bhfuil muid ag obair. | Daingneacht tionachta a fháil ar na saoráidí go léir a bhfuil gá leo. |
| 6.3 Plean Forbartha / Caipitil a bhfearas dár saoráidí. | Iarracht a dhéanamh an maoiniú forbartha agus caipitil a bheith daingnithe gan aon rómhoill. |

# 6 Feidhmiú & Monatóireacht

Tá liosta de thionscnaimh straitéiseacha is gá chun seachadadh na dtorthaí spriocthta a sheachadadh do gach cuspóir straitéiseach den phlean seo aitheanta ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta. Tá na tionscnaimh agus na tascanna leagtha amach agus á gcothabháil taobh istigh de phlean mionsonraithe feidhmithe.

Tacóidh an Bord leis an bhfoireann bainistíochta chun daingniú a dhéanamh ar na hacmhainní, na tacaíochtaí agus na cumais is gá chun na tascanna sin a chur i gcrích taobh istigh den amlíne atá sainithe.

Lena chois sin, tá líon de rioscaí aitheanta ag an Eagraíocht a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar sheachadadh rathúil an phlean. Tá na rioscaí á gcur le clár rioscaí, mar aon le gníomhartha maolaithe gaolmhara. Tá an mhaoirseacht ar bhainistiú na rioscaí sin á chur ar fáil ag Coiste Iniúchóireachta & Riosca an Bhoird.

Déanfaidh an Bord monatóireacht rialta ar dhul chun cinn fhorfheidhmiú an phlean agus na gníomhartha gaolmhara ar feadh shaolré an Phlean Straitéisigh, ag úsáid KPI agus bearta cáilíochtúla, agus déanfaidh an Bord athbhreithniú foirmiúil ar an bplean go bliantúil.







# Comhar Naíonraí na Gaeltachta

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe,
H91 YOR2.

091-595337
eolas@cnng.ie
www.cnng.ie

Uimhir Charthanais Chláraithe
20056230

## OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA

### *An Tuaisceart*

*Áislann Ghaoth Dobhair*
*Páirc Gnó Ghaoth Dobhair*
*Na Doirí Beaga*
*Leitir Ceanainn*
*Co. Dhún na nGall, F92 D6OW.*

*074-9560296*

### *An Deisceart*

*Maigh Réidh*
*Baile Mhic Íre*
*Co. Chorcaí*
*P12 KA43.*

*026-45954*

### *Maigh Eo*

*Tuar Mhic Éadaigh*
*Co. Mhaigh Eo*
*F12 H766.*

*094-9557006*

Gaeltacht na hÉireann

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Údarás na Gaeltachta

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Comhar Naíonraí na Gaeltachta

## Plean Straitéiseach



2023 - 2026